

An Chomhairle
Mhúinteoireachta



The Teaching Council

Treoirnátaí

Léigh an doiciméad seo go cúramach le do thoil sula
líonfaidh tú isteach an fhoirm iarratais REG-01

Clár an Ábhair

Treoir Ghinearálta

1.	Na Rialacháin Chlárúcháin	3
2.	Iarratas a Dhéanamh	3
3.	Iarratais Neamhiomlána	3
4.	Bundoiciméid	3
5.	Grinnfhiosrú	3
6.	Tréimhse Phróiseála Iarratais	4
7.	Doiciméid a Aistriú	4

Treoir do na ranna san fhoirm REG-01

8.	Roinn A – Sonraí Pearsanta	5
8.1.	Uimh. PSP (PPS)	5
8.2.	Ainm & Sloinne	5
8.3.	Seoladh le haghaidh comhfhreagrais	5
8.4.	Sonraí teagmhála teileafóin	5
8.5.	Seoladh ríomhphoist pearsanta	5
9.	Roinn B – Sonraí a aistriú chuig an bPámháistir	6
10.	Roinn C – Cáilíochtaí	6
10.1.	Tras-scríbhinní Acadúla	6
10.2.	Rochtain ar líne ar Thaifid Cháilíochta (e.g. Digitary)	6
10.3.	Cáilíodh Iasmuigh de Phoblacht na hÉireann	6
11.	Roinn D – Measúnú mar Dhuine Cuí Oiriúnach	7
12.1.	Teistiméireacht Charachtair	7
12.2.	Grinnfhiosrú	7
12.3.	Imréiteach Póilíní thar lear	7
12.	Roinn E – Seirbhís Múinteoireachta	7
13.	Roinn F – An Riachtanas Béarla	8
14.	Roinn G – Dearbhú	8
15.	Roinn H – An Táille Chlárúcháin	8
16.	Roinn I – Seicliosta	8
17.	Agusín 1 – Cleachtadh Gairmiúil Iar-cháilíochta	8
18.	Agusín 2 – Ábhair Curaclaim Iar-Bhunscoile	9
18.1.	Na hÁbhair Curaclaim ar fad	9
18.2.	Ábhair ar Teangacha iad	9

Treoir Ghinearálta

1. Na Rialacháin Chlárúcháin

Chun an fhoirm REG-01 a úsáid d'iarratas clárúcháin leis an gComhairle Mhúinteoireachta ní miste gur in Éirinn a cuireadh do cháilíocht(aí) ábhartha i gcrích, nó go ndearna an Chomhairle Mhúinteoireachta nó an Roinn Oideachais agus Scileanna iad a mheasúnú cheana. Déantar iarratais ar chlárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta i gcomhréir le hAlt 31 de na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 - 2018 agus [Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta \(Clárú\)](#) a gheofar ar www.teachingcouncil.ie.

Chun a bheith i dteideal clárú de réir Conair 1 Bunoideachas, Conair 2 Iar-Bhunoideachas, Conair 3 Breisoideachas agus Conair 4 Eile, de Rialacháin 2016, caithfidh iarratasóirí na riachtanais a shásamh maidir le cáilíochtaí, grinnfhiosrúcháin/ imréiteach póilíní agus feidhmiúlacht chun múineadh agus caithfidh siad an táille chlárúcháin tosaigh €90 a íoc.

2. Iarratas a Dhéanamh

Chun an próiseas iarratais a chur i gcrích, tá na céimeanna seo a leanas le déanamh:

- Seol an fhoirm iarratais REG-01 agus í líonta isteach, mar aon leis an táille chlárúcháin €90.
- Seol fótacóipeanna de thras-scríbhinní cáilíochta le haghaidh gach bliain de do cháilíocht(aí) ábhartha.
- Déan an próiseas [Grinnfhiosrúcháin](#) tríd an gComhairle Mhúinteoireachta,
- Seol féilire an chúrsa, má iarrtar é, agus/nó tuairisceoirí modúil, chun gur féidir do cháilíocht(aí) a mheas i gcomhthéacs [Curricular Subject Requirements \(Route 2 Post-primary only\)](#).

3. Iarratais Neamhiomlána

Ní féidir iarratais mhíchruinne nó neamhiomlána a phróiseáil (mura gcuirtear cáipéisí tacaíochta éigeantacha leis an iarratas, mar shampla) agus cuirfean an t-iomlán ar ais chuig an iarratasóir faoi cheann tréimhse 3 mhí má tá nithe den sórt sin fós ar lár.

4. Bundoiciméid

Níor cheart bundoiciméid a sheoladh. Ní iarrann an Chomhairle Mhúinteoireachta ach fótacóipeanna de na cáipéisí ábhartha ar fad. Ní bheidh an Chomhairle freagrach as bundoiciméid a chailltear nó a théann amú faoi bhealach, agus is sa ghnáthphost a chuirfean ar ais aon bhundoiciméad a sheoltar, seachas pasanna.

Coimeádann an Chomhairle an ceart aici féin aon cháipéisí a fhíorú a sheoltar ag tacú le hiarratas agus/nó bundoiciméid a iarraidh mura bhfuiltear sásta leis na fótacóipeanna a seoladh.

5. Grinnfhiosrú

Braitheann an Clárú ar Ghrinnfhiosrú a bheith curtha i gcrích. Grinnfhiosrú a dhéantar tríd an gComhairle, amháin, atá inghlactha don chlárú. Ní féidir glacadh le grinnfhiosrú trí thríú páirtí (e.g. scoil, CLG, club/cumann) chun críche clárúcháin. Déan iarratas ar líne ar an nGrinnfhiosrúcháin, ar <http://www.teachingcouncil.ie/en/Vetting/>

6. Tréimhse Phróiseála Iarratais

Seachas buaicthréimhsí gnóthacha i dtús an téarma scoile agus ar an tuiscint go bhfuil na cáipéisí ar fad eile a iarradh ar láimh, ba cheart an próiseas ar fad a bheith curtha i gcrích taobh istigh de 6-8 seachtaine. Cuirfidh foireann na Comhairle in iúl d'iarratasóirí má tá cáipéisí breise ag teastáil. Ní féidir an Clárú a thabhairt chun críche gan an Grinnfhiosrúchán a bheith curtha i gcrích.

Iarraimid ar iarratasóirí gan a bheith ag lorg tuairiscí ar dhul chun cinn a n-iarratas

7. Doiciméid a Aistriú

Ní ghlactar ach le hlarratais i nGaeilge nó i mBéarla chun críche Clárúcháin. Má tá do cháipéisí i dteangacha seachas iad sin, caithfidh tú aistriúcháin dheimhnithe le haistritheoir creidiúnaithe a chur ar fáil, mar aon le fótacóipeanna de na doiciméid bhunaidh.

Féadfaidh tú na doiciméid a aistriú tú féin más maith leat, a fhad is go ndéanann aistritheoir creidiúnaithe nó duine a bhfuil an dá theanga ar a t(h)oil aige/aici iad a dheimhniú e.g., léachtóir ollscoile nó oifigeach in ambasáid/ i gconsalacht ina mbíonn an teanga á labhairt.

Treoir do na ranna san fhoirm REG-01

8. Roinn A – Sonraí Pearsanta

8.1. Uimh. PSP (PPS)

Seasann “Uimh. PSP” do “Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí”. Is í d’Uimhir PSP d’uimhir thagartha uathúil don ghnó ar fad a bhíonn agat le ranna rialtais agus le comhlachtaí poiblí eile ar nós na Coimisinéirí Ioncaim, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS/HSE) agus an Roinn Coimirce Sóisialaí.

Mura bhfuil Uimhir PSP agat nó mura bhfuil tú in ann teacht uirthi, téigh i dteagmháil le d’oifig leasa shóisialaigh áitiúil. (Uimhir ÁSPC (PRSI) a thugtaí ar an Uimhir PSP.)

8.2. Ainm & Sloinne

Is é a theastaíonn anseo, an t-ainm agus sloinne a úsáideann tú de ghnáth agus a thugtar ort san obair. Sin an t ainm a bheidh le feiceáil ar Chlár na Múinteoirí. Cuir cruthúnas fíordheimhnithe d’athrú ainm ar fáil le do thoil, más infheidhme, e.g. fótachóip de dheimhniú pósta stáit. I gcás ainm/sloinne a athraíodh le gníomhas aonpháirtí, ba cheart cóip fhíordheimhnithe den gníomhas a sheoladh.

8.3. Seoladh le haghaidh comhfhreagrais

Is é an seoladh a thugann tú a úsáidfeá i gcúrsaí comhfhreagrais, agus ba cheart nach seoladh scoile é. Seoladh do ghnátháit chónaithe ba cheart a thabhairt.

D’fhéadfadh go mbeadh ar an gComhairle ó am go ham fógraí a sheirbheáil ar mhúinteoir i gcomhréir le hAlt 62 de na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta. Cuirfeá múinteoir ar an eolas faoi athruithe tábhachtacha suntasacha ar a c(h)lárú le fógraí den sórt sin. Glacfaidh an Chomhairle leis gurb é an seoladh a thugtar an seoladh a ndéanfar fógraí den chineál sin a sheirbheáil air.

Má tharlaíonn nach mbíonn múinteoir i láthair ag an seoladh ar cuireadh comhfhreagrais chuige, nó mura mbailíonn múinteoir comhfhreagrais den sórt sin óna (h)oifig sórtála poist áitiúil, meastar fós gur seoladh an litir i dtéarmaí dlí, agus seasfaidh an méid a cuireadh in iúl sa litir sin.

Níor chóir, ar an ábhar sin, seoladh scoile ná seoladh coláiste a thabhairt mar sheoladh comhfhreagrais.

8.4. Sonraí teagmhála teileafóin

Tabhair sonraí teagmhála teileafóin le do thoil, agus uimhir fón póca freisin más féidir. D’fhéadfadh an Chomhairle meabhrúcháin a eisiúint ó am go ham le teachtaireacht téacs SMS, faoi athnuachan atá ar na bacáin nó faoi dháta éaga coinníll.

8.5. Seoladh ríomhphoist pearsanta

Tabhair seoladh ríomhphoist le do thoil. Is sa ríomhphost a sheolfar comhfhreagrais a bhaineann le d’iarratas agus aon chomhfhreagrais ina dhiaidh sin, réamhfhógraí athnuachana san áireamh. Úsáidfidh tú do sheoladh ríomhphoist chun an córas athnuachana ar líne a rochtain, agus má chaithfidh tú do shonraí pearsanta nó fostaíochta a uasdátú. Ní bheidh tú in ann an próiseas grinnfhiosrúcháin a chur i gcrích gan seoladh ríomhphoist.

9. Roinn B – Sonraí a aistriú chuig an bPámháistir

Faoi Alt 30 de na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta, éilítear go mbeadh múinteoir cláraithe chun go bhfaighidh sé/sí tuarastal Stát-chistithe. Chun an próiseas a bhrostú ionas go n-íofar múinteoir ar an ráta ceart tuarastail, féadfaidh iarratasóir an Chomhairle Mhúinteoireachta a údarú chun sonraí a c(h)áilíochtaí a chur ar fáil don phámháistir ábhartha.

A luaithe a chuirtear an clárúcháin i gcrích féadfaidh múinteoir an rogha sin a athrú am ar bith ach logáil isteach in Mo Chlárú ar shuíomh gréasáin na Comhairle.

10. Roinn C – Cáilíochtaí

10.1. Tras-scríbhinní Acadúla

Caithfidh iarratasóirí fótachóip a sheoladh de na tras-scríbhinní acadúla do gach bliain ar leith de na cáilíochtaí ábhartha,

Tugann tras-scríbhinn cháilíochta liosta de na modúil agus de na marcanna a gnóthaíodh i ngach modúl ar leith i gcaitheamh thréimhse iomlán cháilíochta. Ní mar a chéile tras-scríbhinní agus páir chéime - na doiciméid mhóra ornáideacha a bhronntar lá bronnadh na gcéimeanna. Ní ghlacfar le pár céime chun críche clárúcháin. Oibríonn ‘Forlíonadh Diplóma’ in áit tras-scríbhinní cáilíochta.

Caithfidh iarratasóirí dul i dteagmháil lena gcoláiste nó lena n-ollscoil féin agus tras-scríbhinní, nó a bhForlíonadh Diplóma, a iarraidh. Caithfidh na tras-scríbhinní sin an dámhachtain deiridh a thaispeáint.

10.2. Rochtain ar líne ar thaifid cháilíochta (e.g. Digitaly)

Más mian leat ligean don Chomhairle Mhúinteoireachta taifid do cháilíochta(í) a bhreathnú ar líne, déan na socruithe cuí don chead rochtana/ chomhroinnt doiciméad i gcás do chuid doiciméad cáilíochta, agus tabhair na cóid rochtana a theastaíonn ar d’fhoirm iarratais.

Ní féidir glacadh le logáil isteach trí do phróifíl mhic léinn phearsanta.

10.3. Cáilíodh lasmuigh de Phoblacht na hÉireann

Má ghnóthaigh tú cáilíocht mhúinteoireachta lasmuigh den Stát agus go ndearna an Roinn Oideachais & Scileanna í a mheasúnú roimh Mhárta 2006, seol cóip de do litir aitheantais ón Roinn Oideachais & Scileanna le do thoil.

Má tá cáilíocht mhúinteoireachta agat a gnóthaíodh lasmuigh den Stát agus a ndearna an Chomhairle Mhúinteoireachta í a mheasúnú ó Mhárta 2006 i leith, ní éilítear ort na sonraí cáilíochta sin a sheoladh arís, murar gnóthaíodh cáilíochtaí breise ó rinneadh an measúnú tosaigh. Tabhair d’uimhir chomhaid rochtana le do thoil, agus an dáta measúnaithe i Roinn H den iarratas.

Nótáil le do thoil, más aitheantas le coinníollacha a tugadh (e.g. an riachtanas Gaeilge, Stair agus Struchtúr Chóras Oideachais na hÉireann, Easnaimh Cháilíochta) agus murar sásaíodh na coinníollacha sin cheana, go bhféadfaí clárú coinníollach a thabhairt, faoi réir chomhlíonadh na riachtanas clárúcháin ar fad.

Má gnóthaíodh do chuid cáilíochtaí mhúinteoireachta lasmuigh den Stát agus nach bhfuair tú measúnú ar do chuid cáilíochtaí cheana, measúnú ón Roinn Oideachais & Scileanna ná ón gComhairle Mhúinteoireachta, ná líon isteach an fhoirm iarratais REG-01 ach féach an roinn seo a leanas ar shuíomh gréasáin na Comhairle Múinteoireachta le do thoil: <http://www.teachingcouncil.ie/en/Registration/How-do-I-register/> agus roghnaigh an fhoirm iarratais a fheileann do do chuid cáilíochtaí.

11. Roinn D – Measúnú mar Dhuine Cuí Oiriúnach

11.1. Teistiméireacht Charachtair

Duine proifisiúnta i bpost a ngabhann freagracht scolaíochta/acadúil leis a chaithfidh an roinn seo a shíniú, agus aithne aige/aici ort ar bhonn proifisiúnta ar feadh bliain acadúil amháin ar a laghad le cúig bliana anuas, go sonrath:

- (i) Múinteoir Cláraithe (caithfidh an Múinteoir a bheith cláraithe i láthair na huaire leis an gComhairle Mhúinteoireachta in Éirinn)
- (ii) Ceann socrúchán scoile an Choláiste nó na hOllscoile inar chríochnaigh an t-iarratasóir a C(h)lár Oiliúna Múinteoireachta.
- (iii) Príomhoide Scoile nó Stiúrthóir BOO
- (iv) Teagascóir sa Choláiste nó san Ollscoil inar chríochnaigh an t-iarratasóir a C(h)lár Oiliúna Múinteoireachta.

Caithfear an Teistiméireacht Charachtair ar fad a líonadh isteach, agus í sínithe agus dátaithe faoi bhliain den dáta cláraithe. Coimeádann an Chomhairle an ceart aici féin Teistiméireacht Charachtair nua a iarraidh má cuireadh moill ar an iarratas toisc nár sheol an t iarratasóir cáipéisí riachtanacha.

11.2. Grinnfhiosrú

Faoi na hAchtanna um an Biúro Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 go 2016, is riachtanas é go ndéanfadh an Biúro Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin daoine a ghrinnfhiosrú a oibríonn le leanaí agus daoine soghonta.

Tharla go bhfuil an Grinnfhiosrú ina riachtanas sainordaitheach chun clárú, ní féidir leis an gComhairle iarratas ar chlárú a chur i gcrích go dtí go mbeidh toradh ar an bpróiseas grinnfhiosrúcháin agus nochtadh sásúil faighte. Ní ghlacfaidh an Chomhairle le nochtadh Grinnfhiosrúcháin ó thríú páirtí chun críche clárúcháin. **Grinnfhiosrú a dhéantar tríd an gComhairle Mhúinteoireachta, amháin, atá inghlactha chun críche clárúcháin.**

Má rinne tú iarratas ar Ghrinnfhiosrú agus gan do thoradh grinnfhiosrúcháin faighte agat (nochtadh), féadfaidh tú leanúint den fhoirm REG-01 a líonadh isteach agus a sheoladh; ní féidir an clárú a chur i gcrích áfach go dtí go mbeidh an Grinnfhiosrúcháin déanta.

Mura ndearna tú iarratas ar Ghrinnfhiosrú, déan iarratas ar líne le do thoil, ar www.teachingcouncil.ie

11.3. Imréiteach Póilíní Thar Lear

Má chaith tú tréimhse chomh fada 36 mhí nó níos mó i do chónaí thar lear ó bhí tú 18 mbliana déag d'aois, caithfidh tú cáipéisí imréitigh póilíní thar lear a sheoladh freisin, mar nach ndéanann an BNG (NVB) grinnfhiosrú ach ar sheoltaí in Éirinn agus i dTuaisceart Eireann. Ar na cáipéisí sin a theastaíonn tá ceann a thugann imréiteach i gcás gach tír inar chónaigh tú. Gheofar eolas faoin imréiteach póilíní thar lear ar <http://www.teachingcouncil.ie/en/Vetting/Overseas-Police-Clearance/>

12. Roinn E – Seirbhís Múinteoireachta

Tabhair an tseirbhís múinteoireachta/ taithí fhaofa is ábhartha (más infheidhme) i d'iarratas ar chlárú, le do thoil. Níor cheart socrúchán scoile a áireamh a rinneadh mar chuid de cháilíocht. Má tá cáilíocht(aí) agat nach sásaíonn na riachtanais reatha, d'fhéadfaimis a bheith i dteagmháil leat chun breis eolais a lorg.

Cinntigh le do thoil gur líonadh gach roinn isteach go hiomlán, agus gur sínigh an duine ábhartha don tseirbhís múinteoireachta/taithí fhaofa.

13. Roinn F – An Riachtanas Béarla

Má dhéanann tú iarratas clárúcháin leis an gComhairle Mhúinteoireachta agus má gnóthaigh tú do cháilíocht lasmuigh d'Éirinn, beidh ort an Chomhairle a shásamh go bhfuil an t-eolas ar an mBéarla agat atá riachtanach chun cumarsáid éifeachtach a dhéanamh.

14. Roinn G – Dearbhú

Caithfear Roinn F den fhoirm iarratais a líonadh isteach go hiomlán; caithfidh sí a bheith sínithe agus dátaithe faoi bhliain den dáta cláraithe. Coimeádann an Chomhairle an ceart aici féin Dearbhú nua a iarraidh má cuireadh moill ar an iarratas toisc nár sheol an t-iarratasóir cáipéisí riachtanacha.

Ba chóir an roinn seo a líonadh isteach, agus na ceisteanna ar fad a fhreagairt le tic (✓) sa bhosca cuí. Más Ciontaíodh/Bhí/Tá an freagra ar cheist, ba cheart na sonraí iomlána a thabhairt ar bhileog ar leith, ag tagairt don cheist chuí.

Ní féidir an Clárú a chur i gcrích mura bhfaightear dearbhú a líonadh isteach go hiomlán le deireanas.

15. Roinn H – Táille Chlárúcháin/Modh Íocaíochta

€90 an táille chlárúcháin a chaithfear a sheoladh in éineacht leis an bhfoirm REG-01. Clúdaíonn an táille sin an costas clárúcháin don chéad bhliain den chlárú. Níl táille bhreise ar an nGrinnfhiosrú. Mura bhfaightear aon táille, ní féidir an t-iarratas a phróiseáil agus cuirfear an t-iomlán ar ais chuig an iarratasóir. Roghnaigh ceann de na modhanna íocaíochta seo a leanas le do thoil. **NÁ SEOL AIRGEAD TIRIM LE DO THOIL.**

Nótáil le do thoil, sa chás go dtugtar sonraí Cárta Dochair/Creidmheasa, nach gcoinneofar na sonraí sin ar aon chúinse. Scriosfar Roinn G den fhoirm REG-01 go slán a luaithe a phróiseáiltear í.

16. Roinn I – Seicliosta

Freagair gach ceist sa roinn seo le do thoil.

17. Aguisín 1 – Clárú le Coinníollacha (Cleachtadh Gairmiúil Iarcháilíochta

Breathnaítear an t-ionduchtúchán agus an taithí mhúinteoireachta sa roinn seo, féachaint an mbeidh coinníollacha le cur leis an gclárú. Tugtar Clárú faoi réir coinníollacha (clárú le coinníollacha/clárú coinníollach) nuair nach bhfuil riachtanais chlárúcháin uile na Comhairle comhlíonta ag iarratasóir ar chlárú. Sin an gnáthrud i gcás gach múinteoir nuacháilithe, agus i gcás múinteoirí eile freisin faoi chúinsí áirithe.

Seo a leanas na coinníollacha Cleachtadh Gairmiúil Iarcháilíochta a bhíonn i gceist de ghnáth:

Conair 1 – Bunoideachas	<i>Droichead</i> NÓ Promhadh agus Clár Ceardlann Ionduchtúcháin
Conair 2 – Iar- Bhunoideachas	<i>Droichead</i> NÓ Fostaíocht Iarcháilíochta (FIC/PQE) agus Clár Ceardlann Ionduchtúcháin
Conair 3 - Breisoideachas	Gan aon cheann, de ghnáth
Conair 4 - Eile	<i>Droichead</i>

Má tá ceann ar bith de na coinníollacha sin curtha i gcrích agat cheana, líon isteach na ranna cuí d’Aguisín 1, le do thoil. B’fhéidir go mbeadh ort fianaise a thabhairt ar an gcur i gcrích sin murar seoladh cheana í. Gheofar na Foirmeacha ábhartha don Chlárú Coinníollach ar <http://www.teachingcouncil.ie/en/Registration/Forms-and-Fees/Forms/>

Nuair a shásaítear na riachtanais chlárúcháin eile ar fad (féach Treoir Ghinearálta, lgh. 3, 4), déanfar iarratais a phróiseáil do chlárú iomlán nó coinníollach de réir mar a oireann.

18. Aguisín 2 – Ábhair Curaclaim Iar-Bhunscoile

18.1. Na hÁbhair Curaclaim ar fad

Chun clárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta faoi Chonair 2 (Iar-Bhunoideachas), caithfidh tú na riachtanais a shásamh d’ábhar curaclaim iar-bhunscoile amháin ar a laghad, arna fhoilsiú ag an gComhairle ar ár suíomh gréasáin tráth a dhéantar iarratas.

Féach www.teachingcouncil.ie le do thoil do na riachtanais reatha sula ndéanfaidh tú iarratas.

18.2. Ábhair ar Teangacha iad: An Riachtanas Cónaithe agus Inniúlacht Theangeolaíoch

Tábhachtach: Nótáil le do thoil, go gcaithfidh iarratasóirí le haghaidh ábhair ar teangacha iad fianaise ar inniúlacht theangeolaíoch agus seal cónaithe a thabhairt mar chuid den fhoirm iarratais. Féach na riachtanais churaclaim do na sonraí ar fad.

Seal Cónaithe:

Caithfear fianaise a chur ar fáil in éineacht leis an iarratas REG-01, gur chaith tú seal ama i do chónaí i dtír na teanga nó i dtír inarb í teanga an phobail í (an teanga labhartha). Tugtar an tréimhse riachtanach i gcás gach ábhair ar leith i ndoiciméad na Comhairle faoi Chritéir d’Ábhair Curaclaim Iar-Bhunscoile. Is féidir an riachtanas a fhianaisiú ar do thras-scríbhinn acadúil torthaí, nó ceann díobh seo a leanas a sheoladh:

- ▶ Fótachóip de do thras-scríbhinn torthaí a dhearbhaíonn gur chónaigh tú ar feadh 2/6 mhí i dtír na teanga. Nótáil le do thoil, má thugann an tras-scríbhinn “Clár lasmuigh den Champas/ Off Campus/Erasmus” ach gan a dhearbhu go ndearnadh an Clár i dtír ar leith, go gcaithfear an méid sin a dhearbhu i litir ón Institiúid Ardoideachais/ ón gColáiste ábhartha a chuirfear leis an iarratas.

- ▶ Litir/ráiteas ó d'fhostóir/ ón gcoláiste/ ó do thiarna talún sa tír sin. I gcás fostóra/tiarna talún, teastaíonn sonraí teagmhála ar nós uimhir theileafóin agus seoladh ríomhphoist. Maidir leis an nGaeilge mar ábhar, ba cheart cónaí i limistéar Gaeltachta a fhianaisiú.
- ▶ Fótachóip de do phas a fhianaisíonn gur dúchasach na tíre sin thú (i.e. gurb í an teanga sin do mháthairtheanga). **N.B. Ní ghactar leis sin i gcás an ábhair Gaeilge.**
- ▶ Maidir leis an ábhar Gaeilge, is féidir fianaise a sheoladh gur dúchasach de limistéar Gaeltachta thú (e.g. bille fónais, ráiteas airgeadais, comhfhreagras faoin gclár toghthóirí nó fianaise go mbíodh do mhuintir ag fáil deontais faoin Scéim Labhairt na Gaeilge (SLG) do theaghlaigh Ghaeltachta) nó litir/ráiteas ó Ghaelcholáiste ag dearbhú gur fhreastail tú ar Ghaelcholáiste Iar-Bhunoideachais go dtí leibhéal na hArdteistiméireachta.

Inniúlacht Theangeolaíoch:

Caithfidh iarratasóirí a léiriú go bhfuil inniúlacht theangeolaíoch acu sa teanga. Is féidir í sin a fhianaisiú ach ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas a chur ar fáil:

- ▶ Fótachóip de do phas a fhianaisíonn gur dúchasach na tíre sin thú (i.e. gurb í an teanga sin do mháthairtheanga). **N.B. Ní ghactar leis sin i gcás an ábhair Gaeilge.**
- ▶ Maidir leis an nGaeilge mar ábhar, is féidir fianaise a sheoladh gur dúchasach de limistéar Gaeltachta thú (e.g. bille fónais, ráiteas airgeadais, comhfhreagras faoin gclár toghthóirí nó fianaise go mbíodh do mhuintir ag fáil deontais faoin Scéim Labhairt na Gaeilge (SLG) do theaghlaigh Ghaeltachta).
- ▶ Fótachóip de thras-scríbhinní do thorthaí fochéime a deir go follasach go bhfuil íosleibhéal B2 gnóthaithe agat ar an CTET/CEFR (Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha).
- ▶ Ráiteas ón Institiúid Ard-Oideachais inar chuir tú do chéim i gcrích á rá go follasach go bhfuil íosleibhéal B2 gnóthaithe agat ar an CTET/CEFR.
- ▶ Ráiteas ó thriail inniúlachta teanga neamhspleách a thaispeánann íosleibhéal B2 ar an CTET/CEFR.

An Chomhairle Mhúinteoireachta The Teaching Council

Bloc A, Campas Gnó Mhaigh Nuad, Maigh
Nuad, Co. Chill Dara, W23 Y7X0, Éire

LóGhlao 1890 224 224

Fón +353 1 651 7900

Facs +353 1 651 7901

Ríomhphost: info@teachingcouncil.ie

www.teachingcouncil.ie

An Chomhairle
Mhúinteoireachta

The Teaching Council

